BHUEL!

Nollaig 2015

Eagarthóir: Nuala de Búrca

Clár:

1 Cá bhfuilid anois? Irial Ó Ceallaigh

5 Spiorad na Nollag

6 60 Soicind leis an Oifigeach Gaelach

7 Comórtas

8 Blúiríní

Ionad na Gaeilge Labhartha



Cá bhfuilid anois?! Irial Ó Ceallaigh

Chuir an t-eagarthóir cúpla ceist ar Irial Ó Ceallaigh le déanaí, iarmhac léinn de chuid COC, a d'fhan in Áras Uí Thuama, gaeltacht na hollscoile, tráth.

Cad as duit go díreach? Déan cur síos ar an gceantar san.

Ón Rinn i gContae Phort Láirge. Cuid de Ghaeltacht na nDéise. Cois farraige ag faire amach ar na Comaraigh.

Cén cúrsa a dhein tú in UCC? BA sa Stair agus sa Pholaitíocht.

Is dócha go raibh tú i do bhall den Chuallacht nó de Chumann an Cheoil Thraidisiúnta nuair a bhí tú anso mar mhac léinn?
Bhíos mar bhall den Chuallacht. Scríobhas don UCC Express, chomh maith.

Cad í an chuimhne is fearr atá agat ón tréimhse a chaith tú in UCC?
Bheith ag suí sa Chearnóg Láir nuair a bhí aimsir bhreá ann agus an cogadh a bhí ann idir na mic léinn sa sneachta sa Gheimhreadh i 2011.

Cad í an chuimhne is fearr atá agat ar an scéim chónaithe, Áras Uí Thuama?
Bheith ag amhránaíocht le hAlan Titley oíche amháin.

Cad í an chomhairle a thabharfá do na mic léinn atá ag tosnú in UCC i mbliana?
Bain taitneamh as na rudaí atá ar fáil agus tú ag freastal ar an gcoláiste nach mbíonn ann duit sa ghnáthshaol ach tabhair aire duit féin, chomh maith, mar bíonn sé deacair agus tú as baile den chéad uair.

Cár oibrigh tú roimh TG4?
D'oibrigh mé sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus in CitiBank i mBleá Cliath.

Cad é an rud is fearr faoi bheith ag obair ar TG4?
Na daoine. Tá spraoi níos fearr ag baint le muintir na Gaeilge agus na Gaeltachta ná fuil ag baint le haon dream eile ar domhan.

Tá sé tábhachtach go bhfuil canúint na Mumhan le clos ar TG4, nach bhfuil?
Tá, cinnte, go háirithe canúint na nDéise mar ní chloistear go minic í ar an raidió nó ar an teilifís. Tá easpa Muimhneach ag obair sna meáin Ghaeilge agus ba cheart an líon sin a mhéadú.

Cad é an focal nó an nath cainte nó an seanfhocail aimsire is fearr leat?
Ceo ón bhfarraige, ceo an tsonais. Ceo ón gcnoc, ceo an donais.

Cad iad na cláracha is fearr leatsa ar TG4, seachas an Aimsir Láithreach?!
Is maith liom iad ar fad, gan amhras, ach tá taifead á dhéanamh agam sa mbaile le déanaí ar na cláracha, *Pioc do Ride, Laochra Gael, Fleadh TV*, agus *Béaloideas Beo*.

Is amhránaí iontach í do mháthair, Áine Uí Cheallaigh, mar sin, is dócha gur tógadh le ceol agus le hamhránaíocht thú?
Canann mo dheartháir Aodán agus mé féin, chomh maith.

Bhíomar ag canadh ó bhíomar in ann labhairt. Tá ceol againn, chomh maith, ach tá an bá is mó againn leis an amhránaíocht.

An bhfuil mórán amhrán agat?
Ní bhíonn do dhóthain agat riamh. Bíonn gach sórt amhráin ó gach sórt cultúir á lorg agam i gcónaí. Is dócha go bhfuil timpeall céad amhrán agam faoin dtráth seo.

An dtógann sé mórán ama ort amhrán a fhoghlaim?
Ar nós aon rud eile, éiríonn sé níos éasca amhráin a fhoghlaim le taithí agus cleachtadh. Ní thógann sé i bhfad amhráin a fhoghlaim ach tógann sé seal fada iad a rá le snas.

Cén saghas meascáin atá ann idir amhráin Ghaeilge agus amhráin Bhéarla i do repertoire?
Leath agus leath agus cúpla ceann macarónach, chomh maith.

Cad í an chomhairle a thabharfá do dhuine a bheadh ag iarraidh a bheith ina (h)amhránaí maith?
Má bhaineann tú taitneamh as aon rud, ba chóir é a dhéanamh. Bain taitneamh as agus má tá uait iad a rá os comhair daoine eile, ba chóir cúnamh a fháil ó mhúinteoir nó ó amhránaí eile.

An dtaitníonn sé leat a bheith mar bhall de Chór na bhFear sa Rinn? Tá amhránaithe iontacha ag canadh sa chór agus is onóir liom é a bheith ina dteannta. Tá dlúthdhiosca na Nollag taifeadta againn agus tá súil agam go mbeidh tuilleadh ann amach anso.

An bhfuil tú ag glacadh páirte san Oireachtas ó bhí tú óg?
Níor chan mé ag an Oireachtas go dtí go raibh mé 19. Níor thaitin comórtaisí liom ach bím ar mo chompórd iontu agus bainim taitneamh astu anois. Ceapaim nach cóir daoine a chur chun iomaíochta muna bhfuil fonn orthu.

An cuimhin leat an chéad uair gur fhreastail tú ar an Oireachtas?
Ní cuimhin. Tógadh ann mé ó bhí mé i mo leanbh.

Comhghairdeachas ó chroí leat as an tríú duais i gcomórtas Chorn Uí Riada a bhuachaint ag Oireachtas na Samhna 2015.

Comhghairdeachas ó chroí leat as an tarna duais a bhuachaint i gComórtas na bhFear ag Oireachtas na Samhna 2014. Cad iad na hamhráin a bhí i gceist agus conas a roghnaigh tú iad?
Chas mé "Bóthar Chluain Meala" agus "Tadhg an Dá Thaobh". Chuala mé Nioclás Tóibín ag canadh véarsa nó dhó den dá amhrán ach níor chuala mé aon duine eile sa mbaile á gcasadh. Bhí "Tadhg an Dá Thaobh" le fáil ach bhí orm tochailt a dhéanamh chun teacht ar na focail do "Bhóthar Chluain Meala". Chuir mé na focail le chéile ó sheanleabhair agus le cabhair ó roinnt den seandream sa mbaile.

Cad í an chomhairle a thabharfá do dhuine a bheadh ag amhránaíocht i gcomórtaisí an Oireachtais?
Déan gach rud gur féidir leat chun tú féin a chur ar do chompord. Foghlaimím na focail go dtí gur féidir liom an t-amhrán a chasadh gan dearmad. Bí cinnte faoi na focail agus cabhróidh sé sin. Bíodh muinín agat as tú féin agus tú ag seasamh os comhair slua. Tá uathu go gcanfá go maith agus má tá tú neirbhíseach, cuirfidh sé sin isteach ort.

Ar deireadh, an mbeidh Nollaig bhán againn i mbliana?!

Beidh! ☺

"Bíonn gach sórt amhráin ó gach sórt cultúir á lorg agam i gcónaí."

Spiorad na Nollag

"Sin é an t-am is mó fuirse agus tarraingt-tríd a thagann ar mhuintir an bhaile mhóir. An Satharn roimh Nollaig bhí dath dubh ar an tsráid le daoine. Ba dhóigh leat gur cuileanna fómhair iad ag dul trí chéile, ag bailiú giuirléidí ó thigh go tigh - a lán de na fir is a hataí ar a leathcheann acu de dheasca an bhraoinín a bheith caite acu. Shíleas féin nach raibh oiread sin daoine beo is a bhí cruinnithe istigh sa tigh an t-am sin den ló. Agallamh agus geoin agus caibidil acu."

Sin sliocht gearr ón leabhar álainn *Peig, A Scéal féin* agus í ag cur síos ar turas Nollag don Daingean i laethanta a hóige. Ní haon dochar a rá nár tháinig mórán athrú ar an scéal, de réir mar a fheicimid scataí ag bailiú le chéile agus spiorad neamhaí na Nollag go láidir san aer mórthimpeall. Bhuel, sin nós na Nollag agus cuirimid go léir am i leataoibh don chaint, don chaidreamh agus chun beannachtaí a thabhairt anseo is ansiúd. Bím ag smaoineamh orthusan nach bhfuil mórán comhluadair acu agus atá ag brath ar ár gcairdeas agus ar dhea-mhéin ag an am seo mar is ar scáth a chéile a mhairimidne.

Eilís Uí Bhriain

Nollag fé shéan is fé mhaise dhaoibh go léir!

60 Soicind leis an Oifigeach Gaeilge

Ainm? Seán Ó Riabhaigh **Aois?** 20

Cad as duit? Crosaire an Tuirnéara, Cathair Chorcaí

Cén cúrsa atá ar siúl agat? BA **Bliain sa choláiste:** Dara Bliain

An rud is fearr mar gheall ar UCC? An seans a bhíonn agat bualadh le daoine nua gach uile lá!

An cumann agus an club is fearr in UCC: An Chuallacht agus an Club Leadóige

Ainm do pheata? Zara **An boladh is fearr:** Curaí

An ghiuirléid is fearr: Mo ríomhaire glúine **An laethanta saoire is fearr:** An Tuirc

An saghas ceoil is fearr leat: Ceol traidisiúnt **An scannán is fearr leat:** *The Departed*

An leabhar is fearr leat: *The Catcher in the Rye*

An béile is fearr leat: Pióg an Aoire nó Curaí

An focal Gaeilge is fearr leat? Ruaille Buaille

An Ghaeltacht is fearr: Múscraí

Des Bishop nó Daithí Ó Sé? Daithí Ó Sé

R na G nó Raidió Rí-Rá? Raidió Rí Rá

www.tearma.ie nó www.focloir.ie ? www.focloir.ie

An t-amhrán de chuid Coláiste Lurgan is fearr leat? Amhrán na gCupán

An iomáint nó an chaid? An Iomáint

An rud is fearr mar gheall ar chultúr na hÉireann: Na seanscéalta béaloidis

Cén fáth gur chuir tú isteach ar an bpost mar Oifigeach Gaeilge? Chun an Ghaeilge a neartú san ollscoil.

Cad é do mheas ar shaol na Gaeilge sa choláiste? Tá sé láidir ach is féidir é a láidriú níos mó!

Cad a dhéanfaidh tú chun saol na Gaeilge sa choláiste a fheabhsú? An Ghaeilge a spreagadh ionas go mbeidh sí i mbéal an phobail sa choláiste agus an Ghaeilge a labhairt chomh minic agus is féidir.

Gairdín Deas Gaelach

Comórtas

Cá bhfuil an gairdín aoibhinn seo? **€20** an duais!

Seol do fhreagra chugam ag n.deburca@ucc.ie faoin 15 Eanáir 2016.

Blúiríní

Bronntanaisí Gaelacha:

http://www.gael-taca.com/ - Cártaí, cluichí, éadaí

http://www.smaointe.com - Cártaí Nollag

http://cartairubai.ie/ - Cártaí Nollag

http://www.bigleapdesigns.com/ - Cártaí Nollag

http://greetingcardsireland.com - Cártaí Nollag

http://www.siopacultur.com/ - Cártaí Nollag

http://www.siopa.ie/ - Cártaí Nollag, cluichí srl.

http://www.siopagaeilge.ie/ - Cártaí Nollag, leabhair, dlúthdhioscaí srl.

http://www.udar.ie/ - Cártaí Nollag, Cluichí, leabhair, Dlúthdhioscaí srl.

http://www.litriocht.com - Cártaí Nollag, leabhair, dlúthdhioscaí srl.

http://www.spailpin.com/ - T-léinte srl.

http://gaeilgebaby.spreadshirt.ie/ - T-léinte srl.

http://gaelshirt.spreadshirt.ie/ - T-léinte srl.

http://beanant.spreadshirt.ie/ - T-léinte srl.

http://www.cnagsiopa.com/ - Leabhair, dlúthdhioscaí, cluichí, cártaí srl.

http://www.futafata.com - Leabhair do pháistí, dlúthdhioscaí srl.

http://www.cic.ie/ - Leabhair, dlúthdhioscaí srl.

Scannáin Ghaeilge:

http://www.thisisirishfilm.ie/shorts - Roghnaigh 'Gearrscannáin'

Nósanna na Nollag:

http://www.gaois.ie/blg/ga/duchas.ie-an-nollaig/